2025/608

25.3.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/608 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Márta 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/2309 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2025/601 ón gComhairle an 24 Márta 2025 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2022/2309 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití ([2]).

(2) An 24 Márta 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/601, lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/2319 i gcomhréir le Rún 2752 (2024) arna ghlacadh ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Le Cinneadh (CBES) 2025/601, soiléirítear gníomhaíochtaí a chuireann síocháin, cobhsaíocht agus slándáil Háití i mbaol agus modhnaítear raon feidhme an trádbhaic arm.

(3) Tagann roinnt de na leasuithe a rinneadh le Cinneadh (CBES) 2025/601 faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha na leasuithe sin i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2022/2309 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2022/2309 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear na pointí seo a leanas leis:

'(k) ciallaíonn "seirbhísí bróicéireachta":

(i) caibidlíocht nó socrú idirbheart chun earraí agus teicneolaíocht, nó seirbhísí airgeadais agus teicniúla, a cheannach, a dhíol nó a sholáthar, ó thríú tír chuig aon tríú tír eile; nó

(ii) earraí agus teicneolaíocht, nó seirbhísí airgeadais agus teicniúla, atá lonnaithe i dtríú tíortha a dhíol nó a cheannach lena n-aistriú chuig tríú tír eile;

(l) ciallaíonn "maoiniú nó cúnamh airgeadais" aon ghníomhaíocht, cibé modh áirithe a roghnaítear, trína n-eisíocann an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht lena mbaineann, nó trína ngeallann sé go n-eisíocfaidh, a chistí féin nó a acmhainní eacnamaíocha féin go coinníollach nó go neamhchoinníollach, lena n-áirítear deontais, iasachtaí, ráthaíochtaí, urraíochtaí, bannaí, litreacha creidmheasa, creidmheasanna soláthróra, creidmheasanna ceannaitheora, réamhíocaíochtaí allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin agus gach cineál árachais agus athárachais, lena n-áirítear árachas creidmheasa onnmhairiúcháin, ach gan a bheith teoranta don mhéid sin. Ní maoiniú ná cúnamh airgeadais atá in íocaíocht an phraghais chomhaontaithe maille leis na téarmaí agus coinníollacha íocaíochta ar earra nó ar sheirbhís, arna déanamh i gcomhréir leis an ngnáthchleachtas gnó.';

([1]) IO L, 2025/601, 25.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/601/oj.
([2]) Rialachán (AE) 2022/2309 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití (IO L 307, 28.11.2022, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2309/oj).

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'*Airteagal 2*

1. Na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh (*)("Liosta Comhchoiteann Míleata"), mar aon le hairm thine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna riachtanacha, agus armlón mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), beidh toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht i Háití nó lena n-úsáid i Háití, bídís de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh.

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil nó seirbhísí bróicéireachta a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata, nó le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta a liostaítear sa Liosta Comhchoiteann Míleata, nó arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna riachtanacha, agus armlóin mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht i Háití, nó lena n-úsáid i Háití;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata, nó le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta a liostaítear sa Liosta Comhchoiteann Míleata, nó airm thine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna riachtanacha, agus armlóin mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 258/2012, nó cúnamh teicniúil gaolmhar nó seirbhísí bróicéireachta gaolmhara a sholáthar, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht i Háití, nó lena n-úsáid i Háití.

3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt do dhíol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó do sholáthar an mhaoinithe ghaolmhair nó an chúnaimh airgeadais ghaolmhair, an chúnaimh theicniúil ghaolmhair, na seirbhísí bróicéireachta gaolmhara nó an phearsanra ghaolmhair do na Náisiúin Aontaithe nó do mhisean arna údarú ag na Náisiúin Aontaithe nó d'aonad slándála a oibríonn faoi cheannas Rialtas Háití, a bhfuil sé beartaithe go n-úsáidfidh na heintitis sin iad, nó go n-úsáidfear i gcomhordú leis na heintitis sin iad, agus arb é is aidhm dóibh cuspóirí na síochána agus na cobhsaíochta i Háití a chur chun cinn, agus é sin amháin.

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt do dhíol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó do sholáthar an mhaoinithe ghaolmhair nó an chúnaimh airgeadais ghaolmhair, an chúnaimh theicniúil ghaolmhair, na seirbhísí bróicéireachta gaolmhara nó an phearsanra ghaolmhair do Háití, ar choinníoll gur fhormheas an Coiste Smachtbhannaí an díol, an soláthar, an t-aistriú, nó an t-onnmhairiú sin, nó soláthar an mhaoinithe ghaolmhair, an chúnaimh airgeadais ghaolmhair, an chúnaimh theicniúil ghaolmhair, na seirbhísí bróicéireachta gaolmhara nó an phearsanra ghaolmhair roimh ré chun cuspóirí na síochána agus na cobhsaíochta i Háití a chur chun cinn.

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt do dhíol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú trealaimh mhíleata neamh-mharfaigh, nó do sholáthar an mhaoinithe ghaolmhair nó an chúnaimh airgeadais ghaolmhair, an chúnaimh theicniúil ghaolmhair, nó na seirbhísí bróicéireachta gaolmhara, atá beartaithe le haghaidh úsáid dhaonnúil nó chosantach amháin, do Háití, i gcás ina bhfuil sé beartaithe an méid sin a úsáid chun cuspóirí na síochána agus na cobhsaíochta i Háití a chur chun cinn.

(*) Leagan is déanaí foilsithe in IO C, C/2024/1945, 1.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1945/oj.

(**) Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/258/oj).';

(3) in Airteagal 4(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(i) dul i mbun dúshaothrú acmhainní nádúrtha nó trádáil aindleathach acmhainní nádúrtha.';

(4) in Airteagal 4a(1), pointe (a), cuirtear an fophointe seo a leanas leis:

'(ix) dul i mbun dúshaothrú acmhainní nádúrtha nó trádáil aindleathach acmhainní nádúrtha;'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Márta 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

C. SIEKIERSKI